



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDUIMHIR

Stampa an Ionaid

Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2019

Gaeilge Ardleibhéal

Páipéar I (Cluastuiscint agus Ceapadóireacht)

160 MARC

Dé Luain
10 Meitheamh
Tráthnóna, 2.00 go dtí 4.20

Cuid I: Cluastuiscint (60 Marc)

Don Scrúdaitheoir	
Cuid I: Cluastuiscint	
Na hIomláin	
Cuid A, Fógra 1	
Cuid A, Fógra 2	
Cuid B, Comhrá 1	
Cuid B, Comhrá 2	
Cuid C, Píosa 1	
Cuid C, Píosa 2	
Iomlán	

Eolas	
Gaeilge	
Móriomlán	

Treoracha d'íarrthóirí

Freagair gach cuid - A, B, C - sa fhreagarleabhar seo.

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Nuir a bheidh Cuid I, an Chluastuiscint, críochnaithe agat lean ar aghaidh agus freagair Cuid II, an Cheapadóireacht, i do fhreagarleabhar.

Cuid A

Cloisfidh tú **dhá** fhógra raidió sa chuid seo. Cloisfidh tú gach fógra díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

1. (a) Cé a chuir amach an fógra seo?

- (b) Cé hiad na daoine óga a bhfuil an comórtas seo thírithe orthu?

2. Luaigh **dhá** rud a chaithfidh na hiarrthóirí a dhéanamh le cur isteach ar an gcomórtas seo.

(i) _____

(ii) _____

3. Cad é an dáta deireanach le haghaidh na n-iontrálacha?

FÓGRA A DÓ

1. (a) Cá mbeidh an cruinniú poiblí ar siúl oíche Dé Céadaoin seo chugainn?

- (b) Cén fáth arbh éigean do na feirmeoirí na hainmhithe a choimeád istigh san earrach?

2. Scríobh síos rud **amháin** a chuir isteach ar fhás an fhéir sa samhradh.

3. Cén imní mhór atá ar na feirmeoirí faoin ngeimhreadh seo?

Cuid B

Cloisfidh tú **dhá** chomhrá sa chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cén fáth a raibh oibrí breise ag teastáil sa siopa rothar?

2. Scríobh síos **dhá** phointe eolais a luann Síle faoin nglasbhealach, Rian Glas na nDéise.

(i) _____

(ii) _____

An Dara Mír

1. Luaign **dhá** chúis a dtarraingíonn na glasbhealaí a lán cuairteoirí go dtí na ceantair ina bhfuil siad, dar le Síle.

(i) _____

(ii) _____

2. Tabhair sampla **amháin** a léiríonn go raibh borradh mór faoi chúrsaí gnó i gceantar Dhún Garbhán an samhradh seo caite, dar le Síle.

3. Cad a rinne an rialtas chun níos mó glasbhealaí a fhorbairt ar fud na tíre, de réir na tuairisce a léigh Cathal le déanaí?



Cuid Bar leanúint

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cén cursa a dhéanfaidh Máirtín i gColáiste na Tríonóide?

2. Cén gearán a bhíonn ag daoine faoi chúrsaí lóistín i mBaile Átha Cliath, dar le Bríd?

3. Cá bhfuair Máirtín an pacáiste eolais faoi chúrsaí lóistín?

An Dara Mír


1. Scríobh síos an **dá** rud a léiríonn go raibh brú uafásach ag baint leis an gguardach lóistín, dar le Máirtín.

(i) _____

(ii) _____

2. Cén fáth a mbeidh ar Mháirtín éirí an-luath ar maidin?

3. Cén obair a dhéanann Máirtín gach Satharn?



Cuid C

Cloisfidh tú **dhá** phíosa nuachta sa chuid seo. Cloisfidh tú gach píosa díobh **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta **agus** tar éis an dara héisteacht.


PÍOSA A hAON

1. (a) Cén fáth ar tógadh Teach Solais Fhánada i dtuaisceart Dhún na nGall?

- (b) Cén bealach turasóireachta ar a bhfuil Teach Solais Fhánada suite?

2. Cé mhéad teach solais atá ar oscailt do thurasóirí anois mar chuid den chlár turasóireachta, Tithe Solais Móra na hÉireann?

3. Cad iad na gnéithe de shaol an cheantair a bhfuil léargas le fáil orthu sna taispeántais in ionad na gCuairteoirí?




PÍOSA A DÓ

1. Cad a bhí ar siúl i bPáirc an Chrócaigh ar an dara lá de mhí Mheán Fómhair anuraidh?

2. Cén gaisce a rinne foireann Bhaile Átha Cliath an lá sin?

3. Luaigh cúis **amháin** ar moladh painéal imreoirí Bhaile Átha Cliath.



Cuid II: Ceapadóireacht

(100 Marc)

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.

Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar.

CEAPADÓIREACHT 100 MARC

Freagair do rogha CEANN AMHÁIN de **A, B nó C** anseo thíos.

Nóta: Ní gá níos mó ná 500-600 focal nó mar sin a scríobh i gcás ar bith.



A

– AISTE **nó** ALT NUACHTÁIN / IRISE –

100 marc

Scríobh AISTE **nó** ALT NUACHTÁIN / IRISE ar cheann **amháin** de na hábhair seo.

- (a) Géarchéim na tithíochta in Éirinn faoi láthair.
- (b) Mná sa spórt sa lá atá inniu ann.
- (c) Athruithe chun feabhas ar an saol in Éirinn le déanaí.
- (d) An taitneamh agus an brú a bhaineann le saol an scoláire dara leibhéal.
- (e) Tá an caidreamh polaitíochta idir tíortha an domhain míshuaimhneach sa lá atá inniu ann.

B

– SCÉAL –

100 marc

Ceap SCÉAL a mbeadh do rogha ceann **amháin** díobh seo oriúnach mar theideal air.

- (a) Faoiseamh.
- (b) Ní thagann ciall roimh aois.

C

– DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID –

100 marc

Freagair do rogha ceann **amháin** díobh seo.

- (a) Scríobh *an chaint* a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin seo a leanas **nó** ina aghaidh:

Tugann daoine óga in Éirinn aire mhaith dá sláinte.

- (b) Iarradh ort *píosa cainte* a dhéanamh ar chlár raidió ar an ábhar seo a leanas:

Nós na léitheoireachta i saol an lae inniu.

Scríobh *an píosa cainte* a dhéanfá ar an ábhar sin.

Leathanach Bán